

Impiriúlachas – Éire agus an Bhreatain

Intreoir

Tá an páipéar seo ar na páipéir a sholathróidh éirígí ó cheann ceann 2007. Díreoidh gach ceann ar ábhar mór le rá in Éirinn an lae inniu agus a áit sa saol mór. Tagann na páipéir seo as plé inmheánach agus tugann siad léargas ar chomhdhearcaidh bhallaíocht éirígí.

Tá an páipéar seo dírithe ar cheist an impiriúlachais, idir stairiúil agus chomhaimseartha, agus an tionchar fíordhiúltach atá ag an impiriúlachas mar pholasaí ar fhorbairt an chine daonna ar fud na cruinne go ginearálta agus in Éirinn go háirithe. Diúltaímid in éirígí don smaoineamh gur de ré chaite iad polasaithe agus straitéisí impiriúlacha agus ina áit dearbhaímid go bhfuil na polasaithe seo chomh fíor inniu agus a bhí riamh roimhe.

Impiriúlachas

Tá an t-impiriúlachas, polasaí tíre amháin tír eile a chur faoi smacht, tá sé ag dúchan an chine daonna leis na mílte bliain. Tá na milliúin saol cailte trí chogadh, ghorta agus bhochtanas agus is iad na polasaithe úd is ciontach leo.

Is é an cíocras chun maoinne de chuid tíortha, nó de chuid lucht rialtais tíortha áirithe, a thugann an bunspregadh do pholasaithe impiriúlacha. Cé gur trí neart fachtóirí a ghlactar lena leithéid de pholasaithe is í santacht tréith atá ag achan impiriúlachas, cé gur fíorannamh a admhíonn lucht feidhmithe na bpolasaithe seo. Tá an t-impiriúlachas i gcomhpháirt leis an chaipitleachas ag cinntiú leis na céadta bliain go bhfuil seilbh ag codán de dhaonra an domhain atá ag síorléadú ar chodán de shaibhreas an domhain atá ag síormhéadú.

Tá fealsúnacht ann a mheasann gur lú is fiú an mhuintir choilínithe ná muintir an choilíneachais, agus cuireann an fhealsúnacht seo taca leis an impiriúlachas. Tá an ciníochas, an ghéarchúis agus an dúshaothrú nasctha iontu féin le polasaí a thugann údar maith do phobal amháin pobal eile a smachtú agus a dhúshaothrú. Le diúltú don impiriúlachas, tá muidne in éirígí ag diúltú do na dearcthaí a chuireann duine amháin céim os cionn duine eile. Creidimid go rugtar gach duine ar chomhchéim lena chéile agus go bhfuil buntacar chearta daonna ag dul dóibh a cheadaíonn dóibh a dtualangacht féin a chomhlíonadh.

Tá domhan an lae inniu cruthaithe go mórmhór ag polasaithe thógáil impireachta chorrtír de thíortha an domhain. Mairimid le hiarmhairtí a n-iarrachtaí impireachtaí domhanda a bhunú, a mbíonn roinnt neamhshrianta sraitheanna móra de dhromchla an domhain, agus na bpobal a chonaíonn orthu, idir na cumhachtaí impiriúla mar thoradh orthu. Socraíodh teorainn nua-aimseartha an iliomad tír ar an bhealach seo. Tarraingíodh, agus tarraingítear, na teorainn seo chun leas spéis pholaitiúil, mhíleata agus eacnamaíochta na cumhachta impiriúla ábhartha. Tá fréamhacha neart de choimhlíntí marthanacha na cruinne sna socrúithe seo.

Níl an t-impiriúlachas freagrach as cruthú teorainn bhréige amháin. Cruthaíonn sé, agus braitheann sé ar, dáileadh éagothrom agus éagórach de mhaoin agus acmhainní déanta maoinne na cruinne chomh maith. Is minic a roinntear ár ndomhan ina thíortha ‘forbartha’ agus thíortha ‘i mbéal forbartha’. Tá sé níos cruinne agus níos ionraice an domhan a roinnt ina thíortha le daonraí atá saibhir ó thaobh na n-ábhar agus thíortha le daonraí atá bocht ó thaobh na n-ábhar. Ní comhtharlú é gur tromlach na dtíortha a thugann le chéile an domhan bocht iad na tíortha a d’fhulaing, agus a fhulaingíonn, na polasaithe impiriúlacha a chinnigh

neart de na tíortha a thugann le chéile an domhan saibhir. Gan amhras is é robáil eagraithe acmhainní nadúrtha agus daonna fíorluachmhara an domhain bhoicht a shaibhrigh an domhan saibhir.

Impiriúlachas na 21ú hAoise: Foirm Nua – Seantoradh

Aithníonn éirígí gur annamh a bhfuil gá le forghabháil limistéir áirithe don impiriúlachas mar atá sé sa chéad aois is fiche, cé go gcoinnítear an rogha seo i gcónaí. Tá claonadh ag na nuapholasaithe impiriúlacha bheith níos glice ná na seanfhoirmeacha cé go bhfuil an toradh céanna ann: baineann an domhan saibhir saibhreas an domhain bhoicht. In aois na nuachumarsáide agus na heacnamaíochta domhanda is minic is tairbhí tír a dhúshaothrú trí mhodhanna polaitiúla, cultúrtha agus eacnamaíocha ná modhanna míleata.

D'fhoghlaim lucht an impiriúlachais gur minic is fusa slí isteach ar acmhainní agus margai tíre áirithe a fháil trí chomhghuaillithe a aimsiú lasitigh den tír sin atá sásta an bóthar a réiteach d'a leithéid de dhúshaothrú. Maidir leis seo buaileann an domhan saibhir in aghaidh cheannas an domhain bhoicht go gnáthúil, ag cur isteach ar shaol polaitiúil na dtíortha úd le cinntiú go bhfaigheann no go gcoinníonn an comhghuaillí ar leith cumhacht stáit. San áit a mbíonn maoirseacht ar réim chruálach, mhídhaonna nó dheachtóra tá ealaín an désmaoinimh tugtha chun foirfe le fada an lá ag an domhan saibhir, iad ag diúltú do ghnóthaí inmheánacha na tíre a cheisniú.

Nuair nach bhféidir teacht ar na comhghuaillithe seo baintear úsáid as modhanna eile. Ní gá féachaint níos faide ná eagrais ar nós Bhanc an Domhain agus an Chiste Airgeadúla Idirnáisiúnta le feiceáil cé chomh eifeachtúil ar féidir iallach ar chur ar thíortha polasaithe eacnamaíocha agus sóisialta a chinniú chun leas an domhain shaibhir in áit a bpobal féin. Seasann éirígí in éadan an impiriúlachais i ngach foirm.

Creideann éirígí nach bhféidir leis an chine daonna a dtualangacht iomlán a chomhlíonadh go dtí go gcuirtear polasaithe bunaithe ar an chomhoibriú agus ar chaidrimh chomhthairbheacha in ionad na bpolasaithe a chuireann daoine in iomaíocht lena chéile. Tá seo fíor ag leibhéal náisiúnta laistigh de thíortha agus ar leibhéal idirnáisiúnta idir tíortha ar aon. Ní féidir na caidrimh seo a chothú ach ar phrionsabal an mheasa ar cheart gach tíre a cinniúint féin a roghnú saor ó chur isteach iasachta. Agus córas rialaithe roghnaithe is féidir le caidrimh chultúrtha, eacnamaíocha agus pholaitiúla idirnáisiúnta dul chun cinn ar bhonn cóir agus comhthairbheach.

Impiriúlachas agus Éire

Tá peirspictíocht aonair againn in Éirinn ar an impiriúlachas agus an modh ina scarann sé daoine óna chéile agus ó na rudaí sin atá riachtanach d'eiseadh uasal agus neamhspleách. Tá an tír s'againn ina hábhar ionsaí agus idirghabháil Shasana le hocht gcéad bliain anuas. Tá rian an leatroim, an ghorta, an bhochtanais agus na heisimirce éigeantaí fágtha ar neart dár stair. Ar an chaoi seo tá comhstair againn leis an mhórchuid de thíortha an domhain. Murab ionann le tromlach na dtíortha seo afách is cuid den Eoraip muid agus mar sin de airímid gur páirt den domhan saibhair muid anois.

Dá dheasca is íobartach an impiriúlachais muid, trí fhorghabháil Shasana, agus ag an am céanna bainimid sochar as an impiriúlachas go díreach mar gheall ar ár láthair laistigh den domhan saibhir.

Braitheann comhchóras chaipitleachais agus impiriúlachais na 21ú haoise ar ghlacadh fulangach le dúshaorthú cine-bhunaithe. Tagann a lán den saibhreas ábhair a bhaineann muintir na hÉireann aoibhneas as ar chostas fhulaingthe daonna a bheadh doghlactha dá mbeadh na hÍobartaigh Éireannach, nó fiú geal. Déanaimid talamh slán de chearta a saothraíodh le dua nach bhfuil iomrá orthu i measc billiúin dár gcomhchréatúirí.

Ar an drochuair níl aon easpa comhghuailithe in Éirinn acusan a chuireann polasaithe impiriúlacha chun cinn. Is iomaí duine a thabharfadh Éire isteach i gcomhaontais pholaitiúla agus mhíleata fhoirmiúla leis na tíortha úd atá ag caitheamh lena gcomhdhaoine mar acmhainn le dúshaorthú sa tóir ar bhrabach ábhair le fada an lá. Creidimid in éirígí gur chóir dúshlán a thabhairt do gnóthaí na gcosantóirí Éireannacha seo don impiriúlachas agus iad a nochtadh pé am a thagann an deis, bíodh sin i dtaca le harm SAM ag úsáid aerfort na Sionainne, le forghabháil Shasana ar sé chondae Éireannacha, le ballraíocht i bhFórsa Frithghnímh Mhear an AE nó le iontráil mholta na Sé Chondae Fíchead in ECAT.

Tá dualgas daonchairdiúil againn in Éirinn diúltú don chóras caipitleach/impiriúlach agus don fhealsúnacht dúshaothraithe a chuireann taca faoi. Ina theannta sin, ní mór dúinn gach dícheall a dhéanamh dul sa tóir ar fhoirm rialaithe agus chaidrimh idirnáisiúnta bunaithe ar chóir agus ar chomhoibriú, agus ár n-áit san Eoraip a úsáid le daoine eile a spreagadh chun an rud céanna a dhéanamh.

Éire agus An Bhreatain

Cuimsíonn limistéar náisiúnta na hÉireann oileán na hÉireann, a bealaigh uisce, a haerspás, a hoileáin agus a mara. Is ceart ceannasach dochloíte é ceart mhuintir na hÉireann chun seilbh na hÉireann agus chun dála na hÉireann a stiúradh gan srian.

Le hocht gcéad bliain anuas tá an caidreamh idir Éire agus an Bhreatain cruthaithe ag uailmhian Shasana oileán na hÉireann a chur faoi smacht agus a choilíniú. Le hocht gcéad bliain sháraigh diongbháilteacht mhuintir na hÉireann le bheith saor an uailmhian seo. Is é bás na milliún daoine agus eisimirce éigeantach agus bochtú na milliún eile an toradh atá ar thimthriall iarmartach na n-ionsaithe agus forghabhála, na ceannairce agus friotaíochta.

Tríd an tréimhse seo tá rannta bréagacha i measc phobal na hÉireann cothaithe go cúramach ag an Bhreatain. Tá úsáid bainte as na rannta seo, bíodh siad ar bhonn aicme, creidimh, inscne nó eitneachta, chun láithreach Sasana in Éirinn a choinneáil ar bun agus le cinntiú go bhfuil an saibhreas agus cumhacht á gcomhchruinniú i lámha an bheagáin ar an drochuair don mhórán. Tá a leithéid de straitéis ‘roinn agus smachtaigh’ úsáidte ag an Bhreatain agus ag impiriúlaithe eile ar fud na cruinne. Tá ábaltacht Sasana cuid de mhuintir na hÉireann a aimsiú atá sásta tacú le riail Sasana in Éirinn agus í a riar lárnach i mbua na straitéise seo. Ó cheann ceann ár staire bhí riail Sasana in Éirinn ag a pointe ba thanaí ag na pointí sin sa stair nuair a raibh an chuid sin den daonra do-aimsithe, sa tréimhse 1916-1921 ach go háirithe.

Tá forghabháil leanúnach na Breataine ar sé chondae Éireannacha ina sárú soiléir ar cheart mhuintir na hÉireann ar a rialú féin. Seo an comhthéacs ina gcruthaítear an caidreamh idir pobail na hÉireann agus na Breataine.

Is mian le héirígí normalú a fheiceáil sa chaidreamh idir pobail na hÉireann agus na Breataine ach creidimid nach bhféidir leis seo tarlú go dtí go bhfuil meas ag an Bhreatain ar cheart

mhuintir na hÉireann ar a rialú féin. Ciallaíonn seo deireadh le héileamh bunreachtúil na Breataine ar chuid d'Éirinn agus cúlú ghléasra na forghabhála. Níl aon dúshraith eile do normalú sa chaidreamh idir pobail na n-oileán seo.

Cé gur inmhianaithe é go dtosódh rialtas Breataine go haontaobhach ar phróiseas scaoilte ó Éirinn, creidimid in éirígí gur cnámhscéal neamhdhóchúil é seo. Léiríonn ceachtanna na staire dúinn nach ngéillfidh An Bhreatain ach a bhfuil riachtanach chun pé gluaiseacht pholaitiúil a thugann dúshlán dá húdarás in Éirinn a lagú agus a roinnt. Tá an stair s'againn lán le feachtais mhíleata, conarthaí agus reachtanna beartaithe ag an Bhreatain chun na gluaiseachtaí úd a chur ó éifeacht agus an fhorghabháil a fhadú.

Cuimsíonn na conarthaí is deireanaí de na conarthaí seo, Comhaontaithe Bhéal Feirste agus Cill Rímhinn, ó 1998 agus 2006 faoi seach, cuimsíonn siad cuid mhaith de na tréithe a chuireann in iúl conarthaí Sasana in Éirinn leis na céadta bliana anuas. Seasann trí thréith amach go soiléir.

- Ar an chéad dul síos, i gcroílár an dá chomhaontú tá glacadh iomlán le dlisteanacht riail Sasana in Éirinn. Ní athróidh stádas bunreachtúil fhorghabháil na Breataine go dtí go socraíonn tromlach na ndaoine sna Sé Chondae air – go bunúsach beidh cros ag séú cuid de mhuintir na hÉireann ar an chúig shéú eile.
- Sa dara cás, leanann seanscéal na rannta bréagacha á gcothú ag an Bhreatain ar aghaidh, le cumhacht dáilithe ar bhonn comháirimh seictigh amh, rud ceaptha leis na rannta bréagacha de réir creidimh a dhoimhniú agus a fhadú.
- Agus a trí, mar aon le gach conradh Sasanach, tá cuma ar an scéal gur féidir leo siúd atá ar son saoirse na hÉireann bua fadréimhseach a bhaint ach iad a bheith sásta tacú leis an status quo sa ghearrtárma. Is glice rialtas na Breataine anseo. Ghéill an Bhreatain go leor chun cur ina luí ar dhaoine áirithe go bhfuil difear mór idir na conarthaí is déanaí seo agus na seanchonarthaí ar fad agus mar sin tá tacaíocht tuillte acu. Téann na Sasanaigh ar iontaibh a dtaithí nach samhaltach san idirbheartaíocht agus súil acu go gcuirfidh siad an ráchairt ar chúlú na Breataine agus saoirse na hÉireann ó éifeacht. Mura dtarlaíonn sin tá súil acu gur féidir leo máthair na roinnte a chur i measc iadsan a bhfuil in ainm a bheith ar son saoirse na hÉireann ach nach n-aontaíonn ar an bhealach chun í a bhaint amach.

Táimid in éirígí cinnte dearfa gur dóichí go reofaidh an dá chonradh is déanaí seo riail na Breataine in Éirinn ná deireadh a chur léi. Déantar argóint nach bhfuil uaillmhian impireachta ag an Bhreatain níos mó agus go bhfuil sí ag ullmhú chun cúlú ó Éirinn, ag úsáid bunú thionól Stormont agus leibhéil mhéadaithe comhoibrithe trasteorainn le cur leis an teoiric.

Diúltaimid in éirígí don teoiric seo. Creidimid go dtaispeánann an fhianaise go bhfuil a mhalairt fíor. Níl ann ach go bhfuil an Bhreatain ag athmhúnlú agus ag cur cruth na haimsire seo ar an fhorghabháil agus ar an chaoi sin ag iarraidh páirt neodrach in Éirinn a léiriú agus í i gcónaí ag comhthoghú níos mó den daonra chun tacaíochta leis an fhorghabháil san am céanna. Tá rialtas láithreach na Breataine ag cur polasaí parlaimintí agus tionóil réigiúnaithe i bhfeidhm le cúpla bliain anuas le cur ó bhaol iomláine fadréimhsí na Ríochta Aontaithe mar a deirtear léi mar aidhm acu. Bhog bunaíocht na Breataine leis na héilimh do neamhspleáchas iomlán d'Albain, don Bhreatain Bheag agus d'Éirinn a chur ó éifeacht trí chumhacht teoranta a ghéilleadh d'ionadaithe atá tofa go háitiúil. Baineadh úsáid as an bheartaíocht seo, agus

malartú uirthi, go rathúil an iliomad uair sa stair. Is é seo an comhthéacs inar bunaíodh Tionól Stormont.

Níl i gcomhoibriú méadaithe idir rialtais Londain agus Átha Cliath agus comhoibriú méadaithe idir lucht rachmais an dá thaobh den teorann ach cuid d'eiseamláir dhomhanda den domhandú agus suimeáil trasna an Aontais Eorpaigh agus ní fianaise de chúlú céimseach na Breataine.

Más gá a thuilleadh fianaise d'uaillmhian chomhaimseartha impireachta na Breataine ní gá ach féachaint ar pháirt na Breataine in ionsaí agus forghabháil na hAfganastáine agus na hIaráice. Siadsan a mhaígh gur fhórsa don mhaitheas i gcomhthéacs na hÉireann agus na cruinne araon anois, tá an bhréag go huile agus go hiomlán nochtaithe.

An Todhchaí

Tá níos mó ná nócha bliain imithe ónar léigh Pádraig Mac Piarais Forógra na Poblacht ar chosáin Ardoifig an Phoist Luan Cásca 1916. D'fhógair an gníomh seo tús phas chinniúnaigh i stair na hÉireann a tháinig chun deiridh le críochnú fhorghabháil Sasana ar shé chondae is fiche de dhá chondae is tríocha na hÉireann, tar éis níos mó na seacht gcéad bliain d'iarraidh gabhála. Agus muid ag druidim ar chomóradh céad bliain an Éirí Amach níor baineadh saoirse amach fós le sé chondae Éireannacha go fóill forghafa ag an Bhreatain.

Féachaimid in éirígí ar an fhorghabháil seo agus ar an diúltú daonlathais a léiríonn sé mar an dúshlán is mó os comhair mhuintir na hÉireann inniu. A fhad agus a fhanann Éire forghafa ní bheidh pobal na hÉireann in ann córas rialtais a roghnú a bheas “chomh ceanúil céanna ar chlann uile an náisiúin” a ghlacaimid leis ar é an t-aon modh rialtais atá tuillte ag muintir na hÉireann.

Leis na blianta beaga anuas tá an ráchairt ar shaoirse na Éireann curtha ó éifeacht go forleitheadúil, tharla go rinne an Bhreatain iarracht, le rath measartha uirthi, codáin atá ag síorfhás de mhuintir na hÉireann a chomhthoghú chun riail na Breataine in Éirinn a riar.

Ní bhainfear amach saoirse na hÉireann go dtí go gcuirfear an t-éileamh do chúlú na Breataine i gcroílár láithreacha idirnáisiúnta, Sasanacha agus Éireannacha arís agus gur troime costas gabhála na hÉireann ná tairbhe chúlú na Breataine. Creidimid go bhfuil muid ag tarraingt ar an am nuair a bheas an t-éileamh sin glóraithe go hard.

Sin an obair os comhair sóisialaithe, poblachtóirí agus náisiúnaithe inniu; tógáil ghluaiseachta nua sóisalta agus polaitiúla do shaoirse na hÉireann. Cé go mbeidh tacaíocht go hidirnáisiúnta de dhíth ar a leithéid de ghluaiseacht faoi dheireadh, cuid de mhuintir na Breataine san áireamh de réir dealraimh, ní foláir gur sa bhaile agus go háirithe sna contaethe forghafa a dhéanfar an bhéic athnuaithe um saoirse i dtosach.

Agus a leithéid de ghluaiseacht á tógáil, is féidir inspioráid a iarraidh agus ceachtanna a fhoghlaim ónar stair féin. Sa tréimhse roimh Éirí Amach 1916 bhí athbheochan chultúrtha le feiceáil in Éirinn a thóg isteach an Ghaeilge, ceol agus spóirt. Sa tréimhse chéanna tháinig fás ar ghluaiseacht scarúnach a mhol saoirse na hÉireann agus ar fhoirm réabhlóideach den sóisialachas agus den cheardchumannachas araon. Ba thrí tacaíocht a fháil ón trí chlaonadh seo a tharla an reibiliún Éireannach ba rathúla go dtí seo, agus tréimhse réabhlóideach na cúig bliana a lean.

Tugann an láthair idirnáisúnta léargas ar an chaoi ina bhforbraíonn nuaghluaiseachtaí sóisialta agus polaitiúla. Tá an iliomad eiseamláir ar fud na cruinne anois de dhaoine ag tabhairt dúshlán don impiriúlachas agus chapitleachtas domhanda trí ghluaiseachtaí sóisialta agus polaitiúla “ón bhun aníos”. Ba chóir go ndéanfadh pé gluaiseacht nua do shaoirse na hÉireann iarracht ní amháin na páirtithe polaitiúla traidisiúnta ach an lucht oibre eagraithe, grúpaí pobail, eagrais chultúrtha, grúpaí feachtais agus daoine gan ailíniú a chlúdach chomh maith.

Cé go molaimid dul chun cinn gluaiseachta nua do shaoirse na hÉireann creidimid in éirígí nach bhfuil aon luach ag saoirse mura mbaineann muidne, muintir na hÉireann, úsáid aisti chun sochaí a chruthú bunaithe ar cheartas sóisialta agus comhionannas dáiríre. Thairg nócha bliain den saoirse (mar dhea) do sé chondae fichead réim shóisialta agus eacnamaíoch nach bhfuil mórán den difear inti ón seanreacht impiriúil. Taispeánadh gur fáidhiúil iad focail Shéamais Uí Chonghaile, mar is dual:

If you remove the English army tomorrow and hoist the green flag over Dublin Castle, unless you set about the organisation of the socialist republic, your efforts would be in vain. England would still rule you. She would rule through her capitalists, her landlords, financiers, and through the whole array of commercial and industrial institutions she has planted in this country and watered with the tears of our mothers and the blood of our martyrs. England would still rule you to your ruin, even while your lips offered hypocritical homage at the shrine of that freedom whose cause you betrayed.

Creideann éirígí go léiríonn bunú Poblachta Sóisialaí Daonlathaí an chreatlach is fearr ina féidir riar ar gach Éireannach. Dearbhaímid gur gá go n-aithníonn pé gluaiseacht nua do shaoirse na hÉireann go bhfuil an tóir ar shaoirse náisiúnta ceangailte go dofhuascailte leis an tóir ar shaoirse shóisialta agus eacnamaíoch.

Is mian linn in éirígí deireadh leis na rannta bréagacha a chothaigh an Bhreatain chomh cúramach sin in Éirinn a fheiceáil agus creidimid gur féidir le gluaiseacht nua meicníocht a chur ar fáil chun díreach sin a dhéanamh. Tugaimid dúshlán dóibh siúd a chreid go stairiúil gur fhóin tacú le láithreach na Breataine in Éirinn dá leas a seasamh a athscrúdú i gcomhthéacs na 21ú haoise. Téimid faoi bhráid an phobail seo bheith linn i ngluaiseacht pholaitiúil ar son chruthú Poblachta uile-Éireannda nua ina mbeidh ceart ag an phobal ar fad chun cuid chothrom de mhaoín an náisiúin agus teacht cothrom ar chumhacht gan aird ar aicme, chreideamh, inscne, eitneacht ná ar roinnt bhréagach eile.

Tá sé de rún againn in éirígí bheith iomlán páirteach i ngluaiseacht nua do shaoirse na hÉireann agus téimid faoi bhráid an phobail ó cheann ceann na hÉireann agus thar lear déanamh amhlaidh agus oibriú, pé bealach ar féidir leo, ar son chomhlíonú ghnó neamhchríochnaithe shaoirse na hÉireann agus bhunú Poblachta Sóisialaí Daonlathaí.